An Gaeloideachas

Lámhleabhar Luath-Óige

Sainriachtanais Oideachais

Department of Education
www i .
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Samhain 2013

Lch

Caibidlí

1. Intreoir **1**

2. Tumoideachas - Léargas Ginearálta **3**

2.1 Pleanáil faoi choinne sealbhú teanga

2.2 Timpeallacht atá Saibhir ó Thaobh na Teanga de a Chruthú

2.3 Eiseamláiriú

3. Aistriú/Socrú Isteach/Comhoibriú Le Tuismitheoirí **6**

3.1 Solúbthacht

3.2 Éiteas

3.3 Bainistíocht na n-aistrithe (teaghlach/áisíneachtaí seachtracha)

3.4 Ról na dtuismitheoirí/foirne maidir le tacú leis an pháiste

4. Féiniúlacht An Pháiste A Cheiliúradh **11**

4.1 An páiste mar dhuine aonair

4.2 An páiste mar bhall den teaghlach

4.3 An páiste mar bhall den scoil

4.4 An páiste mar bhall de phobal na Gaeilge

5. Fócas Ar Fhorbairt Scileanna **13**

5.1 Breathnóireachtaí

5.2 Inspreagthóirí

5.3 Scileanna fisiceacha

5.4 Scileanna cumarsáide

5.5 Tuiscint ar a riachtanais féin agus ar riachtanais daoine eile a fhorbairt

6. Luath-Shainaithint Na Sainriachtanas Oideachais **23**

7. Súgradh **25**

7.1 Tráchtaireacht súgartha

7.2 Noda molta don dea-chleachtas

8. Iompar **29**

8.1 An t-iompar dearfach a chur chun cinn

8.2 Straitéisí amhairc

8.3 Scéalta

8.4 Straitéisí céadfacha

8.5 Aiseolas dearfach

9. Airíonna An Dea-Chleachtais **33**

10. Admhálacha **34**

1. Intreoir

Is ais í seo atá scríofa ag cleachtóirí agus í díríthe ar chleachtóirí atá ag obair faoi láthair i suíomhanna Luath-óige Gaeloideachais (LG), le tacú leis an rochtain ar fhoghlaim don uile pháiste. Léiríonn an áis seo cur chuige cuimsitheach i leith sainaithint luath agus idirghabhálacha éifeachtacha. Ba cheart an áis a úsáid i gcomhpháirt le foilseacháin atá eisithe le deireanas le tacú le páistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais (SRO) acu sa Luath-óige.

Áirítear orthu seo:

- Lámhleabhar Luath-óige Bhord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste; *http://www.belb.org.uk/documents/552.pdf*



- Forlíonadh Sínte SRO Luath-óige de chuid na Roinne Oideachais (RO); agus



- Comhad Acmhainní do scoileanna le tacú le páistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu - RO
  http://www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/special_educational_needs_pg/support-children-with-sen.htm



Tacaítear, leis an áis seo, le cur chuige mothálach, bunaithe ar fhorbairt aonair an pháiste.

2. Tumoideachas - Léargas Ginearálta

Glacann suíomhanna Luath-óige Gaeloideachais (LG) le múnla tumoideachais i leith teanga. Mar gurb í an Ghaeilge a labhraíonn an fhoireann ar fad sna suíomhanna, tumtar na páistí sa Ghaeilge. Beidh céatadán de na páistí in ann cheana féin iad féin a chur in iúl go líofa comhtháite as Gaeilge, roimh dóibh freastal a dhéanamh ar an tsuíomh. Spreagfaidh an fhoireann na páistí seo agus tacóidh siad leo agus iad ag úsáid na Gaeilge agus déanfaidh siad pleanáil maidir lena ndul chun cinn leanúnach. Do na páistí sa tsuíomh LG, tiocfaidh forbairt ar thuiscint, muinín agus líofacht sa Ghaeilge de réir mar a rachas siad chun cinn tríd an tumoideachas.

Tarlaíonn sealbhú na teanga sa tsuíomh Luath-óige Gaeloideachais laistigh de chomhthéacs fócasaithe, pé acu trí shúgradh, scéalta, amhráin, nó gníomhaíochtaí praiticiúla nó eile. Roimh dóibh na comhthéacsanna foghlama seo a chruthú, déanfaidh an fhoireann pleanáil chuimsitheach maidir leis an teanga a bhfuiltear ag iarraidh go ndéanfaidh gach páiste í a shealbhú. Tá pleanáil agus scafallú maidir le sealbhú agus daingniú aon teanga úire ríthábhachtach.

2.1 Pleanáil Faoi Choinne Sealbhú Teanga

Trí chur chuige praiticiúil gníomhaíocht-bhunaithe a úsáid, téann an páiste i dtaithí ar an teanga atá bainteach leis an ghníomhaíocht sin. Tosaíonn an páiste a dhéanamh nasc idir an teanga agus an ghníomhaíocht, an comhthéacs nó an coincheap. Laistigh de gach topaic úr, déanfaidh an cleachtóir an páiste a threorú trí na céimeanna a leanas i dtreo labhairt na Gaeilge. Tarlóidh forluí le linn an phróisis agus:

- éisteacht agus teanga ghlacach á spreagadh agus á bhforbairt;
- úsáid na bhfocal aonair sa Ghaeilge á spreagadh;
- úsáid na bhfrásaí athfhillteacha á spreagadh;
- frásaí á spreagadh agus á scafallú isteach in abairtí; agus
- abairt amháin á spreagadh agus á forbairt le go ndéanfar sraith abairtí di.

Tosaíonn an páiste ar an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna cleachtóir-stiúrtha, rud a n-eascróidh úsáid spontáineach na Gaeilge as le daoine fásta agus le piaraí. Is é a eascraíonn as seo, úsáid chomhtháite na Gaeilge mar mhodh cumarsáide.

Is ionann an dea-chleachtas i Luath-óige an Ghaeloideachais agus an fhoireann ag glacadh le cur chuige íogair i dtreo na n-iarrachtaí uilig a dhéanann an páiste le Gaeilge a labhairt. Ba cheart go mbeadh eolas soiléir ag an fhoireann ar fhorbairt leanúnach an pháiste ó thaobh teanga ghlacach agus teanga eispéireasach de sa Ghaeilge. Tá géarghá le hionchais arda réadúla maidir le hinniúlacht an pháiste Gaeilge a labhairt, mar aon le moladh agus atreisiú dearfach leanúnach.

Ní mór go mbeadh cur chuige atá cothromaithe ach solúbtha ag baint leis an phleanáil faoi choinne sealbhú teanga. Is é atá i gceist leis an phleanáil teanga éifeachtach:

- pleanáil faoi choinne na spriocanna sa teanga fheidhmeach ag gach páiste;
- pleanáil faoi choinne teanga spriocdhírithe;
- pleanáil faoi choinne teanga topaice;
- pleanáil faoi choinne teagmháil le Gaeilge shaibhir (saibhreas teanga); agus
- riar ar fhorbairt spontáineach teanga, rud a bheas uathúil pearsanta ag gach aon pháiste.

Cé gur cheart go mbeadh an phleanáil teanga cuimsitheach, níor cheart í a bheith sriantach. Tríd an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna údaracha foghlama, éascaítear an teagmháil le, mar shampla, éagsúlacht mhór d'ainmfhocail, aidiachtaí agus briathra. Déanann an fhoireann pleanáil faoi choinne an réimse seo teanga i gcomhréir le dul chun cinn forbarthach an pháiste. Tá sé tábhachtach go n-éascófaí cuid mhór athrá agus cuid mhór atreisithe i dtimpeallacht thacúil.

2.2 Timpeallacht Atá Saibhir Ó Thaobh Na Teanga De A Chruthú

Ba cheart do bhaill foirne i suíomhanna Luath-óige Gaeloideachais úsáid éifeachtach a bhaint as an timpeallacht foghlama d'fhonn an fhorbairt teanga a fheabhsú. Le taispeántais ilchéadfacha, tagann deiseanna le teanga úr a atreisiú agus a dhaingniú, rud a chuireann ar chumas páistí bheith ag feiceáil, ag tadhall, ag cluinstin agus, ar deireadh, ag comhrá trí mheán na Gaeilge. Áirítear ar na taispeántais seo, ábhair agus réada barántúla agus nádúrtha, mar aon le leabhair bhainteacha. Spreagtar an léamh agus an scríobh le lipéid shoiléire ar thaispeántais. Áirítear, ar na samplaí de thaispeántais ilchéadfacha:

- tábla dúlra
- tábla téamach
- puipéid agus carachtair as leabhar mór
- boscaí frapaí
- málaí tadhaill.

Ba cheart don fhoireann a chinntiú gurb ionann gach gníomhaíocht foghlama agus deis teanga.

2.3 Eiseamláiriú

Spreagtar páistí le Gaeilge a labhairt leis an eiseamláiriú a dhéanann daoine fásta nó piaraí. Ba cheart don fhoireann a chinntiú, chomh maith, go ndéanann siad leibhéal níos airde teanga a eiseamláiriú d'fhonn síneadh teanga agus foghlaim a chur chun cinn. De bhreis ar eiseamláiriú na teanga agus focail úra á gcur i láthair na bpáistí, is féidir go gcuideodh an treoir ghinearálta (ceithre thrácht le gach ceist) leis an pháiste sa tsealbhú teanga seo.

Mar shampla, dá mbeadh páiste ag súgradh i gcoirnéal 'an bhaile' agus é beartaithe ag an fhoireann an focal 'doirteal' a chur ina láthair, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an páiste taithí ar an doirteal féin a úsáid agus an focal á chluinstin aige/aici cuid mhór uaireanta.

"Tá an doirteal mór. Tá an doirteal bán. Tá pláta sa doirteal.
Tá cupán sa doirteal. Seo é an... doirteal."

Ba cheart eiseamláiriú dearfach teanga a dhéanamh go híogair m.sh. an frása ceart a eiseamláiriú mar fhreagairt ar pháiste a dhéanfadh earráid. Mar shampla, dá ndéarfaí le páiste 'Ar mhaith leat súgradh?' agus dá bhfreagródh an páiste 'Tá', d'fhreagródh an fhoireann tríd an struchtúr cheart a eiseamláiriú, 'Ba mhaith...'

D'fhéadfadh sé go mbeadh cásanna ann, in ainneoin an eiseamláirithe agus an atheiseamláirithe, nuair nach n-imeodh na hearráidí, m.sh. 'Tá mála nua ag mise.' Sna cásanna seo, bheadh sé tábhachtach na frásaí a theagasc go soiléir le hord ceart na bhfocal agus leis an struchtúr gramadaí cheart m.sh. 'Tá mála nua agamsa.' Is féidir é seo a dhéanamh tríd an rólghlacadh, am ciorcail, cluichí agus gníomhaíochtaí praiticiúla nó trí shuíomhanna fíorshaoil a úsáid.

3. Aistriú/Socrú Isteach/Comhoibriú Le Tuismitheoirí

Bíonn an-tionchar ag an tréimhse seo, nuair a bhíonn páistí 'ag socrú isteach', ar pháistí i suíomh Luath-óige Gaeloideachais. D'fhéadfadh sé gur ghá machnamh a dhéanamh ar an am, an tacaíocht agus na hacmhainní a bheadh de dhíth le freastal a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí. Glacann suíomhanna éagsúla le hamscálaí éagsúla iontrála agus le dátaí tosaithe éagsúla. Tá sé tábhachtach go mbeifí meabhrach ar riachtanais na bpáistí gach bliain agus go n-aithneofaí go bhfuil an fhéidearthacht ann gur ghá an próiseas 'socraithe isteach' a choigeartú ar bhonn bliantúil. Ar na samplaí den tsocrú isteach, bheadh úsáid na hiontrála céimnithe, de réir na dtosca a leanas:

- páistí ar sainaithníodh go bhfuil sainriachtanais oideachais acu;
- aois - d'fhéadfadh sé go dtosódh na páistí is óige ar dtús agus go nglacfaí na páistí níos sine isteach ar bhonn céimnithe ina dhiaidh sin, nó a mhalairt; agus
- teagmháil agus taithí a bheadh ag páistí roimhe ar an Ghaeilge.

3.1 Solúbthacht

Déantar próiseas an aistrithe éifeachtaigh a bhainistiú go tráthúil. Spreagtar forbairt na gcaidreamh láidir idir páistí, baill foirne agus tuismitheoirí trí ghlacadh le cur chuige solúbtha i leith na hiontrála agus trí chumarsáid oscailte ionraic a chinntiú. Mar shampla de seo, d'fhéadfaí leabhair agus cuairteanna Aistrithe[1] a úsáid roimh don pháiste tosú sa tsuíomh. I gcás roinnt páistí, d'fhéadfadh sé go mbeadh iontráil chéimnithe sa tsuíomh réamhscoile fóirsteanach, ag brath ar riachtanais.

[1] *Bíonn eolas agus pictiúir ríthábhachtacha sna leabhair Aistrithe a bhaineann leis an seomra ranga, múinteoirí agus timpeallacht a bheas ag an pháiste amach anseo chun hábhar imní a laghdú agus feasacht a chruthú chun caidreamh daingean a chumasú.*

Mar shampla, d'fhéadfadh an suíomh:

- tógáil ar líon na seisiún ar a bhfreastalódh an páiste i seachtain amháin,
- cur le fad an lae de réir mar a rachadh gach seachtain ar aghaidh.

Tríd an fhaisnéis a gheofaí ó thuismitheoirí sna ceistneoirí socraithe isteach a mheas, tig leis an fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an phróisis aistrithe d'fhonn pleanáil todhchaí a threorú ar bhonn bliantúil.

3.2 Éiteas

Ba cheart plé mar is cuí leis an pháiste agus leis an tuismitheoir d'fhonn cumarsáid dhearfach dheimhneach a chur chun cinn ón tús. Ba cheart beannú do thuismitheoirí agus do pháistí ar theacht isteach sa tsuíomh dóibh le 'Dia Duit' nó 'Maidin Mhaith' fáilteach. Léiríonn a leithéidí seo de theagmhálacha dearfacha, mar aon le húsáid na Gaeilge le tuismitheoirí, cur chuige spreagúil díograiseach i leith úsáid na Gaeilge, rud a chruthaíonn eispéiris dhearfacha don pháiste.

3.3 Bainistiú Na nAistrithe (Teaghlach/Áisíneachtaí Seachtracha)

Le go mbeidh bainistiú na n-aistrithe éifeachtach, tá gá le cumarsáid leanúnach iomchuí idir tuismitheoirí, baill foirne agus áisíneachtaí seachtracha, iad uilig ag comhoibriú le freastal ar riachtanais an pháiste.

Beidh naisc bunaithe ag an fhoireann sna suíomhanna LG le Coiste Bainistíochta nó Bord Gobharnóirí an tsuímh féin agus le réimse d'áisíneachtaí seachtracha, lena n-áirítear: Sure Start; na comhairleoirí luath-óige; Altram; Comhairle na Gaelscolaíochta; agus Eagras na Luath-óige.

De bhreis air seo, tagann suíomhanna LG i dtír ar thacaíocht ó éagsúlacht d'fhoinsí lena n-áirítear an Bord Oideachais agus Leabharlann áitiúil, síceolaithe oideachais agus foirne tacaíochta iláisíneachta. D'fhéadfadh sé fosta go bhfaigheadh scoileanna tacaíocht ón phobal foghlama áitiúil lena n-áirítear suíomhanna eile Gaeloideachais sa chomharsanacht.

D'fhonn aistriú mín réidh a chinntiú do pháistí, ní mór forbhreathnú ar an Ghaeloideachas agus ar an tumoideachas a chur i láthair tuismitheoirí agus áisíneachtaí seachtracha chomh luath agus is féidir.

3.4 Ról Na dTuismitheoirí/Foirne Maidir Le Tacú Leis An Pháiste

Ní mór do thuismitheoirí agus do bhaill foirne bheith ag obair i gcomhpháirt lena chéile. Tá breac-chuntas thíos ar roinnt straitéisí úsáideacha maidir le dóigheanna a bhféadfaí é seo a dhéanamh.

Roimh an Rollú

Faisnéis shoiléir a sholáthar do thuismitheoirí maidir le dóigheanna a dtig leo tacú leis an aistriú dhearfach trí fhaisnéis a thabhairt dóibh faoi dtaobh den tsuíomh. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar an fhaisnéis seo:

- eochair-oibrí a shannadh;
- gnáthimeachtaí an lae a mhíniú;
- gnáthaimh 'an tsocraithe isteach' a mhíniú
- deis a chur ar fáil le cuairt a thabhairt ar an tsuíomh;
- ceistneoir tuismitheora a úsáid lena fháil amach cé na rudaí is maith/nach maith leis an pháiste, aon ábhar buartha, patrúin iompair agus faisnéis ábhartha ar bith eile; agus
- ábhair leictreonacha a thairiscint mar aon le cláir úsáideacha teilifíse do pháistí óga, a mbeadh baint acu leis an Ghaeloideachas, a chur ar a súile do thuismitheoirí. Tá Aipeanna saor in aisce don iPad ó TG4 ar fáil ó stóras na n-aipeanna: CÚLACAINT 1, CÚLACAINT 2 agus Olly an Veain Bheag Bhán (ar fáil fosta ar Android *https://play.google.com/store*)

Le linn na Bliana

- Déantar nuachtlitreacha rialta a scaipeadh ar thuismitheoirí lena gcur ar an eolas maidir le himeachtaí ar bith a bheadh ag teacht aníos agus maidir le dóigheanna a dtig leo tacú le foghlaim an pháiste s'acu.
- D'fhéadfadh sé go gcuirfí leabhair théamacha ar fáil do thuismitheoirí ina mbeadh grianghraif agus téacs Gaeilge d'fhonn an rannpháirtíocht tuismitheora a spreagadh.
- Baintear lánúsáid as teagmhálacha laethúla (páistí á bhfágáil ag an tsuíomh agus á dtógáil) le tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí maidir leis an chineál lae a bhí ag an pháiste.
- Iarrtar agus bíonn meas ar bharúlacha na bpáistí.

Caidrimh oscailte ionraice

Tá an dea-chaidreamh lárnach sa chomhoibriú le tuismitheoirí agus páistí. Is é atá i gceist anseo éisteacht, cur ceisteanna, tuiscint agus freagairt don mhéid a chuirtear in iúl. Is cuid dhílis den chumarsáid éifeachtach é iontaoibh a chothú idir an páiste, na tuismitheoirí, áisíneachtaí seachtracha agus baill foirne. Tá níos mó i gceist leis an chumarsáid ná an méid a deir muid, baineann sé leis an dóigh a labhraímid, an chomharthaíocht choirp agus a éifeachtaí a bhímid ag éisteacht.

Cruthaíonn an fhoireann timpeallacht fhóirsteanach don dea-chumarsáid trí theagmhálacha neamhfhoirmeálta agus foirmeálta le tuismitheoirí, trína gcruthaítear córas cumarsáide débhealaigh.

Eascraíonn deiseanna as teagmhálacha minice le tuismitheoirí le caidrimh a shíneadh mar a bhféadann baill foirne agus tuismitheoirí éisteacht agus plé éifeachtach a dhéanamh ar eispéiris agus dul chun cinn an pháiste. Tá sé tábhachtach go sainaithneofaí deiseanna le heispéiris agus taithí an pháiste ar an tsuíomh a cheiliúradh agus a chomhroinnt, le himeachtaí amhail ceolchoirmeacha, laethanta spraoi, tionóil, imeacht ceiliúrtha (roimh aistriú ón tsuíomh) nó lá spóirt.

Comhroinnt na Faisnéise

Tá sé éigeantach go ndéanfaí faisnéis a chomhroinnt go tráthúil agus go beacht. Ba cheart don fhoireann bheith ag obair i gcomhpháirt d'fhonn faisnéis a chomhroinnt ar mhaithe le leas an pháiste, lena n-áirítear faisnéis maidir le sainriachtanais oideachais. Bíonn deiseanna ag an fhoireann agus ag áisíneachtaí seachtracha, le cruinnithe roimh an aistriú, faisnéis mar gheall ar an pháiste a chomhroinnt. Tá sé tábhachtach go gcothaítear iontaoibh ón tús le tuismitheoirí agus le gach áisíneacht bhainteach, trí cheisteanna agus gnáthaimh maidir le híogaireacht, rúndacht agus comhroinnt na faisnéise a shoiléiriú. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn cumarsáid oscailte ann idir baill foirne, tuismitheoirí agus áisíneachtaí seachtracha, atá bunaithe ar chomhthuiscint agus cóimheas.

Ba cheart don fhoireann bheith ag obair lena chinntiú go mothaíonn tuismitheoirí go bhfuil baint acu agus go bhfuil siad rannpháirteach i ngach aon ghné de shaol an pháiste s'acu sa tsuíomh. Is féidir seo a dhéanamh trí fháisnéis a sholáthar maidir le dul chun cinn an pháiste agus trí chomhairle, straitéisí agus acmhainní a sholáthar le tacú lena f(h)orbairt sa bhaile.

(féach chomh maith Forlíonadh Sínte Luath-óige RO - Caibidil 2 - Aistrithe lgh 7-11)

4. Féiniúlacht An Pháiste A Cheiliúradh

Faoi Alt 8 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste, tá gá le gealltanas maidir le meas ar fhéiniúlacht gach páiste. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí féiniúlacht an pháiste a chothú go measúil. Ba cheart don fhoireann próifíl stóinsithe den fhéiniúlacht seo a fháil agus a chothú agus meas a bheith acu ar an fhéiniúlacht sin, go háirithe maidir leis na réimsí seo a leanas:

- féiniúlacht an pháiste mar dhuine aonair;
- féiniúlacht an pháiste mar bhall dá theaghlach;
- féiniúlacht an pháiste mar bhall den tsuíomh Gaeloideachais; agus
- féiniúlacht an pháiste mar bhall de phobal na Gaeilge.

4.1 An Páiste Mar Dhuine Aonair

Tá ainm an pháiste lárnach maidir leis an tuiscint ar 'mise' a bhíonn ag síorfhorbairt. Ba cheart glacadh le cur chuige comhsheasmhach i mbaile an pháiste agus sa tsuíomh Gaeloideachais, le go n-aithneoidh agus go bhfreagróidh an páiste dá (h)ainm, rud a thacaíonn leis an tsocrú isteach agus le scileanna airde agus éisteachta. D'fhéadfadh sé gur ghá do thuismitheoirí agus don fhoireann teacht ar chomhaontú maidir le litriú agus fuaimniú ainm an pháiste. De bhreis air seo, nuair a bhítear ag gairm ar dhuine go díreach sa Ghaeilge, athraíonn an t-ainm. Nuair is gá, agus trí théarmaí a úsáid a thuigfeas an páiste, ba cheart am a ghlacadh lena mhíniú go bhféadfadh sé go dtiocfadh athrú ar ainm duine sa tuiseal ghairmeach sa Ghaeilge. Trí theagmháil na súl ag leibhéal súl an pháiste, ba cheart don fhoireann tacú go foighneach le gach páiste agus é/í ag dul i dtaithí ar a leithéid seo d'athruithe. D'fhéadfadh sé gur ghá é seo a mhíniú do na tuismitheoirí sin nach mbeadh eolach ar an Ghaeilge.

4.2 An Páiste Mar Bhall Den Teaghlach

Tá gach teaghlach éagsúil lena chéile. I suíomhanna Gaeloideachais, bíonn dinimic teanga gach teaghlaigh éagsúil. Ba cheart go mbeadh an fhoireann eolach ar bhunteanga theaghlach an pháiste. Ar a bharr seo, tá sé tábhachtach go mbeifí meabhrach ar réimse na ndaoine a bhfuil baint acu le saol laethúil an pháiste, m.sh. feighlithe páistí, seantuismitheoirí agus ar na teangacha a bheadh acu. D'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag páiste i suíomh Gaeloideachais le ceann de na cúlraí teanga seo a leanas:

- Gaeilge amháin;
- Gaeilge den chuid is mó;
- Béarla den chuid is mó;
- Béarla amháin;
- Teanga eile amháin; nó
- Teanga eile den chuid is mó.

Tá sé tábhachtach go mbíonn an fhoireann eolach ar na daoine tábhachtacha seo i saol an pháiste. Ba cheart an coincheap atá ag páiste dá f(h)éiniúlacht mar bhall teaghlaigh a bhreisiú trí dheiseanna a sholáthar le heispéiris den teaghlach agus de shaol an bhaile a phlé. Trí dheiseanna a sholáthar le naisc a dhéanamh idir saol an bhaile agus saol na scoile ar an dóigh seo, déantar féiniúlacht teaghlaigh an pháiste a athdhearbhú.

4.3 An Páiste Mar Bhall Den Scoil

Tá gach aon pháiste uathúil. Is ball luachmhar é gach páiste den rang agus den scoil. Tá a c(h) uid buanna agus suimeanna féin ag gach páiste. Úsáidtear na buanna agus na suimeanna seo ar dtús mar fhócas don tsocrú isteach, agus ansin le tacú leis an pháiste agus é/í ag dul i ngleic leis an churaclam. D'fhéadfadh sé, ar thaispeántais laistigh den tsuíomh, go gcuirfí grianghraf, siombail nó ainm gach páiste ar taispeáint. Ba cheart fosta go mbeadh samplaí d'obair agus de scéalta a bheadh cruthaithe ag an pháiste agus aon tráchtanna a bheadh déanta le feiceáil go soiléir agus lipéid shoiléire orthu laistigh den tsuíomh.

Déantar deiseanna a éascú le go dtig le gach páiste labhairt agus idir phiaraí agus an fhoireann éisteacht leis/léi. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an fhoireann na scileanna seo a mhúineadh trí eiseamláiriú leanúnach agus trí theagasc soiléir.

4.4 An Páiste Mar Bhall De Phobal Na Gaeilge

Is ball tábhachtach é gach aon pháiste i suíomh Gaeloideachais de phobal na Gaeilge. De bhreis ar theagmháil leis an Ghaeilge sa bhaile, le baill teaghlaigh eile agus sa tsuíomh Luath-óige, d'fhéadfadh sé go mbeadh an páiste páirteach i gclubanna agus i ngníomhaíochtaí eile trí mheán na Gaeilge, m.sh. clubanna drámaíochta, ceachtanna ceoil agus grúpaí iarscoile. Arís eile, ba cheart don fhoireann an páiste a spreagadh le labhairt ar na gníomhaíochtaí seo agus leis na heispéiris a thagann leo a chomhroinnt nó is nasc eile é seo idir an saol laistigh agus lasmuigh den tsuíomh agus is rud é a fhorbraíonn tuiscint ar phobal na Gaeilge.

5. Fócas Ar Fhorbairt Scileanna

Ba cheart don fhoireann an fhaisnéis atá faighte acu maidir le cúlra teanga, suimeanna, buanna agus a bhfuil bainte amach ag an pháiste a úsáid le pleanáil a dhéanamh i dtaca le forbairt leanúnach scileanna. Ba cheart don fhoireann tógáil ar an fhaisnéis seo agus an dul chun cinn a éascú trí úsáid na:

- mbreathnóireachtaí; agus
- na n-inspreagthóirí.

5.1 Breathnóireachtaí

De réir mar a bhíonn an fhoireann ag obair leis an pháiste i réimse leathan de chomhthéacsanna foghlama, ba cheart dóibh monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil an páiste ag dul chun cinn, lena n-áireofaí bheith ag breathnú ar gach páiste agus é/í i mbun súgartha, ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus i mbun cumarsáide laistigh den tsuíomh. Bíonn na breathnóireachtaí: pleanáilte nó spontáineach.

Is ionann breathnóireacht phleanáilte agus breathnóireacht a bheadh beartaithe roimh ré ag an mhúinteoir. Is tuairisc scríofa atá ann ar bhlúire beag de lá an pháiste. Is taifead beacht atá ann ar an mhéid a bhí ar bun ag an pháiste agus ar an mhéid a bhí á rá aige/aici ag an am sin. Déantar taifead den dóigh a raibh an páiste ag idirghníomhú agus de na daoine a raibh sé/sí ag idirghníomhú leo le linn na gníomhaíochta. Ba cheart go mbeadh faisnéis thábhachtach maidir le haird an pháiste, a scileanna cumarsáide, na roghanna a dhéanann sé/sí agus an dul chun cinn atá sé/sí a dhéanamh le fáil ó bhreathnóireacht dá leithéid. Ba cheart go mbeadh an fhoireann in ann, leis an bhreithniú a dhéanfaí ar an taifead gairid seo i ndiaidh na breathnóireachta, an soláthar agus na gníomhaíochtaí a threorú d'fhonn teanga agus foghlaim an pháiste a shíneadh agus ba cheart go mbeifí in ann an phleanáil ina dhiaidh sin a threorú le scil ar leith a fhorbairt a bheadh nó nach mbeadh bainteach le fócas na breathnóireachta.

Ní dhéantar breathnóireacht spontáineach a phleanáil. Is minic a déarfadh nó a dhéanfadh páiste rud éigin a thabharfadh léargas soiléir ar an eolas agus na braistintí atá ag an pháiste sin ar réimse foghlama, agus ar an dóigh a mbíonn sé/sí ag smaoineamh faoi dtaobh de. Ba cheart taifead a dhéanamh de na teagmhais seo agus go n-úsáidfeadh an fhoireann é le réimse gnóthachtála an pháiste a athdhearbhú agus le deiseanna maidir le foghlaim bhreise laistigh den tsuíomh a aibhsiú.

Le taifead eagraithe breathnóireachtaí, bíonn próifíl ag an fhoireann d'fhorbairt agus de dhul chun cinn leanúnach an pháiste.

5.2 Inspreagthóirí

Trí phatrún iompair an pháiste a shainaithint, tig leis an fhoireann tuiscint a chur ar a spéiseanna agus ar an stíl foghlama s'aige/aici. Cuidíonn sé seo fosta maidir le caidreamh a thógáil leis an pháiste. Trí bhréagáin a thabhairt don pháiste a bheadh fóirsteanach dá (h)aois agus trí dheiseanna foghlama a chur ar fáil a bheadh fóirsteanach ó thaobh na forbraíochta de, bíonn an fhoireann in ann breathnú ar agus tacú leis an fhoghlaim. Tugann an páiste faoi na gníomhaíochtaí go hintreach (mar gur mhaith leis é a dhéanamh) nó go heistreach (mar go bhfuil duine eile ag iarraidh ar an pháiste tabhairt faoin ghníomhaíocht). Ní mór go mbeadh cothromaíocht ann idir gníomhaíochtaí cleachtóir-stiúrtha agus gníomhaíochtaí páiste-stiúrtha. Laistigh den tsuíomh, léireoidh an páiste roghanna agus claonadh i dtreo gníomhaíochtaí áirithe. Nuair a éiríonn go maith leis an pháiste ina rogha gníomhaíocht, ba cheart do chleachtóirí leas a bhaint as an spreagadh seo d'fhonn an fhoghlaim a aistriú go dtí réimsí eile den churaclam.

Sampla - Scéimre Sheáin

Chonacthas go raibh Seán ag leagan rudaí de tháblaí agus ag dreapadh suas agus anuas ar an troscán laistigh. Ós rud é go raibh contúirtí féideartha, do Sheán agus do dhaoine eile, ag baint leis an iompar seo agus gur bhac a bhí ann idir é agus an rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí pleanáilte, d'úsáid an fhoireann an patrún iompair seo (scéimre ruthaig) le leas a bhaint as an inspreagadh a bhí aige maidir leis an dóigh a ngluaiseann daoine agus réada, le réimse níos leithne agus níos cothroime de ghníomhaíochtaí a chur ar fáil dó laistigh den tsuíomh. Ar na gníomhaíochtaí seo bhí:

- Ag iarraidh bolgáin a cheapadh taobh amuigh
- Spúinsí fliucha a chaitheamh le targaid taobh amuigh
- Péint shilteach a chur as braonaire ar thacas taobh istigh
- Uisce daite a shileadh as braonairí síos scátháin taobh istigh
- Méideanna éagsúla de liathróidí ar mheáchain éagsúla a úsáid lena gcaitheamh, lena rothlú agus lena rolladh taobh istigh agus taobh amuigh
- Pónaireáin a chaitheamh trí fhonsa, taobh istigh agus taobh amuigh

Nuair a bhí Seán spreagtha ar an dóigh seo, bhí sé in ann cloí le rialacha agus le gnáthaimh an tsuímh m.sh. lámha agus cosa sábháilte agus phléigh sé ar bhonn níos dearfaí le baill foirne agus lena phiaraí. Chomh maith leis seo, bhí an fhoireann in ann an fhoghlaim s'aige a shíneadh trí, m.sh. na fonsaí a úsáid lena éascú do Sheán sórtáil a dhéanamh de réir datha, crutha, méide agus cineáil agus é ag caitheamh na bpónaireán go sábháilte.

Thig leis an fhoireann seasmhacht agus foghlaim an pháiste a shíneadh laistigh de ghníomhaíocht ach iad a bheith eolach ar leibhéal gnóthachtála an pháiste sa ghníomhaíocht sin, agus trí chur le nó baint den dúshlán, beagáinín. Cuireann an fhoireann spás agus am ar fáil don pháiste leis an ghníomhaíocht a chur i gcrích, agus gan tacaíocht a thairiscint ach amháin nuair a bheadh gá léi. Iarrtar ar an pháiste luacháil a dhéanamh ar a f(h)eidhmíocht agus a rathúlacht sa ghníomhaíocht, ó bhéal nó trí leid bhriathartha a úsáid m.sh. ordóg suas, ordóg síos, soilse tráchta.

Bíonn deiseanna rialta ag gach páiste le scileanna a fhorbairt maidir leo seo a leanas:

- scileanna fisiceacha;
- scileanna cumarsáide; agus
- tuiscint a fhorbairt ar a riachtanais féin agus ar riachtanais daoine eile

5.3 Scileanna Fisiceacha

Ba cheart go mbeadh deiseanna ag gach páiste bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taobh istigh agus taobh amuigh lena ndéantar scileanna oll-luaileacha agus scileanna mínluaileacha a fhorbairt. Le teagmháil chomhsheasmhach leis an chineál seo súgartha, neartaítear na matáin atá de dhíth ar an pháiste le cur lena smacht ar oll-luailí agus ar mhínluailí.

Tagann roinnt deiseanna faoi choinne forbairt ar scileanna oll-luaileacha trí ghníomhaíochtaí ina mbeadh:

- rothair agus feithiclí;
- bloic mhóra;
- súgradh bog sa halla;
- fanacht ar cothrom;
- rudaí a chaitheamh le targaidí; agus
- rudaí a cheapadh.

Tagann roinnt deiseanna faoi choinne forbairt ar scileanna mínluaileacha trí ghníomhaíochtaí ina mbeadh:

- péinteáil;
- gearradh amach;
- greamú;
- múnlú;
- tarraingt;
- domhan beag;
- tógáil ar scála beag; agus
- coirníní a chur ar shnáithe.

Le tacaíocht éifeachtach a thabhairt do pháiste agus na scileanna seo á bhforbairt aige/aici, ba cheart don fhoireann:

- machnamh a dhéanamh ar shuimeanna an pháiste agus iad a chorprú isteach sa ghníomhaíocht;
- an scil a eiseamláiriú don pháiste;
- tráchtaireacht súgartha a dhéanamh leis an pháiste maidir le seicheamh na luailí atá de dhíth; agus
- deiseanna a úsáid as súgradh eile le grúpa matán, braistint cothromaíochta agus seicheamh luailí comhchosúil a fhorbairt.
- réimse de threalamh agus d'acmhainní a chur ar fáil d'fhonn an difreálú a éascú m.sh siosúr délámhach le tacú leis an fhorbairt mhínluaileach.

Má shainaithnítear aon ábhar buartha trí na breathnóireachtaí, ba cheart iad seo a phlé le tuismitheoirí chomh luath agus is féidir. Ba cheart don fhoireann nóta a dhéanamh d'aon fhaisnéis ábhartha a thabharfadh an tuismitheoir maidir leis an bhuaireamh. Ba cheart dóibh fosta an tuismitheoir a chur ar an eolas maidir leis na straitéisí atáthar a úsáid laistigh den tsuíomh le cuidiú leis an pháiste dul chun cinn a dhéanamh. I roinnt cásanna, beidh ar an fhoireann agus ar na tuismitheoirí plé a dhéanamh agus b'fhéidir tacaíocht bhreise a fháil.

5.4 Scileanna Cumarsáide

"Is ionann an chumarsáid agus bunscil saoil, an bonn ar a ndéanann páistí foghlaim, gnóthachtáil agus cairde." (Virginia Beardshaw, ICAN, 2008)

Tá scileanna cumarsáide lárnach maidir le forbairt fhoghlaim gach páiste. Is cuid éigeantach é d'fhorbairt na scileanna smaointeoireachta agus de chur chun cinn na foghlama neamhspleáiche, bheith in ann cumarsáid a dhéanamh agus teanga a chur in eagar agus a phróiseáil. De réir mar a théann an páiste chun cinn tríd an tsuíomh Luath-óige Gaeloideachais, déantar na scileanna seo a fhorbairt le gníomhaíochtaí praiticiúla, imscrúduithe agus deiseanna súgartha.

Tagann an páiste chuig an tsuíomh agus é/í cheana ar chontanam fhorbairt na cumarsáide. Ba cheart don fhoireann, i rith an ama, neamhspleáchas na scileanna cumarsáide Gaeilge atá ag teacht chun cinn a eiseamláiriú, a scafallú agus a chothú. Trína dhéanamh seo, cuidíonn siad leis an pháiste, ní hamháin an cumas le tabhairt faoin scil seo a fhorbairt ach fosta leis an teanga a fhoghlaim atá de dhíth lena mhíniú an dóigh a gcuirtear an scil i ngníomh. Ba cheart deiseanna a chur ar fáil trí shúgradh, imscrúduithe agus gníomhaíochtaí praiticiúla le go dtig leis an pháiste scileanna a fheabhsú d'fhonn:

- aird a fhorbairt agus a choinneáil;
- cloí le tasc go gcuirtear i gcrích é;
- sealaíocht, comhroinnt agus comhoibriú a dhéanamh;

- closchuimhne agus amharc-chuimhne a fhorbairt;
- scileanna airde agus éisteachta a fhorbairt;
- patrúin agus idirghaoil laistigh den timpeallacht a aithint agus a phlé;
- tuartha simplí a dhéanamh, tátal a bhaint agus barúlacha a chosaint;
- ceisteanna a chur;
- imeachtaí a chur in ord;
- muinín as a n-inniúlachtaí féin a fhorbairt;
- foghlaim ón eiseamláiriú;
- réimse de mhodhanna a úsáid le faisnéis a thaifeadadh;
- smaointe a úsáid; agus
- faisnéis a aimsiú.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar bhreathnóireachtaí agus ar shuimeanna an pháiste, ba cheart don fhoireann scil amháin a roghnú, a mbeadh tacaíocht de dhíth ar an pháiste lena forbairt, mar shampla, sealaíocht a dhéanamh nó amharc-chuimhne a fhorbairt agus an comhthéacs ina ndéanfar seo. Laistigh den ghníomhaíocht roghnaithe, ba cheart don fhoireann an scil seo a eiseamláiriú ó bhéal agus réim teanga a úsáid:

- a bheadh fóirsteanach don pháiste sin ó thaobh na forbraíochta de; agus
- ina mbeadh an eochairtheanga atá bainteach leis an scil sin.

Tríd an am a ghlacadh le smaoineamh os ard ar an dóigh seo, cruthaíonn an fhoireann an t-ionchas gur codanna dílse iad an t-am smaointeoireachta agus próiseáil na smaointe d'fhorbairt na scile sin. Agus an páiste ag baint triail as an scil seo ag an tús, déanfaidh an fhoireann próiseas smaointeoireachta an pháiste a scafallú aon áit ar gá, agus tráchtaireacht ar bun acu lena linn seo. Déanann baill foirne agus an páiste comhphlé ar an dóigh a mothaíonn an páiste faoi dtaobh den scil agus den dul chun cinn atá déanta, agus rachfar siar ar na gnéithe sin den eiseamláiriú agus den scafallú, dar leis an pháiste, ab úsáidí. Faigheann an fhoireann, leis an aiseolas seo, léargas grinn ar na straitéisí is mó a measann an páiste iad a bheith athdhearbhaitheach, agus ba cheart nóta a dhéanamh díobh seo agus iad a úsáid le forbairt bhreise scileanna don pháiste sin a threorú.

(féach chomh maith Forlíonadh Sínte SEN Luath-óige na RO - Caibidil 4 - Cumarsáid - leathanaigh 23-29)

5.5 Tuiscint Ar A Riachtanais Féin Agus Ar Riachtanais Daoine Eile A Fhorbairt

Bíonn feasacht á forbairt i gcónaí ag an pháiste ar a riachtanais féin agus ar riachtanais daoine eile. Is ionann meabhrúcháin phictiúrtha faoin iompar dearfach a bheith ar taispeáint laistigh den tsuíomh agus sampla den dóigh a dtig an t-iompar inmhianaithe a chothú agus a atreisiú ar bhonn rialta. Is deiseanna ríthábhachtacha iad scéalta, rólghlacadh, bheith ag obair le puipéid, am ciorcail agus teagmhais fíorshaoil leis an pháiste a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar éagsúlacht d'iompair agus ar réimse na mothúchán a thagann leo. Arís eile, tá sé éigeantach, i rith an ama, go mbeadh réim teanga atá fóirsteanach ó thaobh na forbraíochta de in úsáid ag an fhoireann agus na gníomhaíochtaí seo á gcur i láthair na bpáistí agus go n-úsáidfí áiseanna iomchuí amhail pictiúir nó puipéid le tacú le hainm na mothúchán seo.

Mar atá amhlaidh le scileanna eile, tchífidh an páiste agus éistfidh sé/sí leis an chleachtóir ag eiseamláiriú an dóigh le mothúcháin éagsúla a aithint agus cuimhneamh ar an chineál iompair is fóirsteanach mar fhreagairt ar na mothúcháin seo. Ba cheart don fhoireann eiseamláiriú a dhéanamh ar an dóigh le:

- bheith páirteach;
- íogaireacht a fhorbairt mar aon le tuiscint ar an dóigh a dtéann gníomhartha na bpáistí i bhfeidhm ar dhaoine eile;
- bheith ag comhoibriú - éisteacht agus comhroinnt na mbarúlacha;
- cuimhní agus eispéiris a chomhroinnt;
- súgradh a dhéanamh;
- a bhféiniúlacht agus a n-indibhidiúlacht féin agus féiniúlacht agus indibhidiúlacht daoine eile a cheiliúradh; agus
- bheith ag foghlaim óna smaointe féin agus ó smaointe daoine eile.

6. Luath-Shainaithint Na Sainriachtanas Oideachais

Tá gach aon chleachtóir freagrach as luath-shainaithint na sainriachtanas oideachais. Tá an luath-shainaithint agus an idirghabháil éifeachtach éigeantach le tacú leis an pháiste. Ní mór do chleachtóirí chomh maith tógáil ar an chumas atá acu bheith ag freastal ar riachtanais trí chomhphlé, acmhainní, oiliúint agus cleachtas comhaontaithe.

Is é atá i gceist leis an luathshainaithint:

- breathnóireachtaí;
- comhphlé leis an pháiste; comhphlé le tuismitheoirí;
- teagmháil le háisíneachtaí seachtracha ábhartha;
- bailiú agus comhroinnt na faisnéise m.sh. ceistneoir 'socraithe isteach' agus foirmeacha aistrithe; agus
- anailís ar fhaisnéis ábhartha m.sh. tinreamh agus dáta breithe.

Is próiseas timthriallach comhoibríoch atá san idirghabháil éifeachtach lena gcuimsítear:

- buanna an pháiste a shainaithint;
- buanna an pháiste a úsáid mar dhúshraith faoin fhorbairt;
- dul i ngleic le sainriachtanais le cuidiú leis an pháiste déileáil le cúrsaí agus cuidiú a chinntiú ag túsphointe an riachtanais ;
- ionchur atá fóirsteanach ó thaobh na forbraíochta de ón pháiste;
- ionchur ó thuismitheoirí; agus
- ionchur ó áisíneachtaí seachtracha iomchuí (aon áit ar gá).

Ba cheart go sainaithneofaí le Plean Oideachais:

- spriocanna iomchuí, a léireodh próifíl foghlama an pháiste agus feidhmíocht reatha;
- straitéisí agus áiseanna fóirsteanacha, lena n-úsáid sa tsuíomh agus sa bhaile; agus
- spriocscileanna, lena n-eiseamláiriú agus lena scafallú.

Leis na Pleananna Oideachais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá leis na nithe a leanas, ar bhonn leanúnach:

- monatóireacht agus breathnóireacht ar an fhorbairt;
- breithniú ar éifeachtacht na straitéisí idirghabhála;
- idirghníomhú leis an pháiste;
- cumarsáid leis an bhaile agus leis na háisíneachtaí seachtracha iomchuí; agus
- céiliúradh an dul chun cinn.

Déantar athbhreithniú ar phleananna oideachais trí:

- breithmheas comhoibríoch ar dhul chun cinn;
- cinnteoireacht maidir le hidirghabháil bhreise; agus
- comhaontú ar spriocanna úra, nuair is iomchuí.

7. SÚGRADH

I suíomh Gaeloideachais, ba cheart gur eispéireas saibhir spreagúil a bheadh sa tsúgradh. Trí dheiseanna foghlama atá fóirsteanach ó thaobh na forbraíochta de a chur ar fáil do pháistí, cuirtear chun cinn forbairt an pháiste iomláin, lena n-áirítear sealbhú agus saibhriú na Gaeilge.

Is iondúil go mothaíonn páistí níos suaimhní agus níos sásta agus iad i mbun súgartha. Mar sin de, is ionann an súgradh agus ceann de na deiseanna is uathúla maidir le forbairt na scileanna traschuraclaim agus smaointeoireachta i suíomh Gaeloideachais.

Le linn an tsúgartha, ba cheart go mbeadh páistí tumtha sa Ghaeilge ar dhóigh shultmhar údarach. Úsáidtear an súgradh le tógáil ar chaidrimh, muinín agus iontaoibh. Tá sé seo tábhachtach go háirithe do pháistí a bhféadfadh sé nach mbeadh siad róchleachta le teanga an tsuímh.

Trí bheith ag súgradh le páistí, cuirimid eolas ar na patrúin uathúla iompair atá ag gach duine acu, ar a stíl foghlama agus ar na hinspreagthóirí acu. Éascaíonn sé seo do chleachtóirí a gcuid idirghabhálacha a shaincheapadh dá réir. Cuidíonn scileanna iontrála dea-fhorbartha súgartha, m.sh. OWLING (Breathnaigh, Fan, Éist, Aithris, Iompar Úr, Fás) le cleachtóirí cinneadh a dhéanamh maidir leis na hamanna a bhfuil agus nach bhfuil sé fóirsteanach cur isteach ar shúgradh na bpáistí.

(féach fosta Forlíonadh Sínte Luath-óige RO - Caibidil 3 - Súgradh agus cumarsáid lgh 23-29, áit a bhfuil moltaí maidir le scileanna iontrála agus straitéisí súgartha).

Agus súgradh ar bun, tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéantar teanga agus scileanna a fhorbairt i gcomhthéacsanna bríocha. Ba cheart fosta go mbeadh, ag tacú leis na páistí, daoine fásta a dhéanann scileanna teanga a eiseamláiriú go héifeachtach agus a dhéanann athrá agus tráchtaireacht súgartha. Cinntíonn sé seo go mbíonn páistí ábalta ciall a dhéanamh den domhan thart orthu agus a bhforbairt teanga agus a bhforbairt iomlánaíoch a shíneadh.

7.1 Tráchtaireacht Súgartha

Baineann tráchtaireacht súgartha le plé a dhéanamh ar an tsúgradh leis an pháiste d'fhonn eispéiris foghlama a chomhroinnt agus a shíneadh. Úsáidtear an tráchtaireacht súgartha le teanga, scileanna agus iompar a eiseamláiriú agus a scafallú. Leis an tráchtaireacht súgartha, cuirtear an tuiscint agus an chumarsáid chun cinn i gcomhthéacsanna bríocha.

Agus tráchtaireacht á déanamh ar shúgradh páiste, tá sé tábhachtach:

- Go n-úsáidfí teanga fhóirsteanach agus gothaí tacaíochta;
- Go mbeifí meabhrach ar leideanna, ar thuin gutha agus ar chomharthaíocht choirp an pháiste;
- Go n-úsáidfí ráitis ghonta shimplí le cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha agus ar bhraistintí;
- Go n-éascófaí teanga spontáineach agus saibhriú teanga;
- Go ndéanfaí an teanga a shíneadh trí fhocail a úsáid a chuireann síos ar eispéireas an pháiste; agus
- Go n-úsáidfí tuin gutha agus comharthaíocht choirp atá cairdiúil, spreagúil agus díograiseach.

7.2 Noda Molta Don Dea-Chleachtas

- Déan an chumarsáid a spreagadh le gach deis a fhaigheann tú.
- Cinntigh soláthar leathan trí dheiseanna a chur ar fáil faoi choinne foghlaim traschuraclaim le linn an tsúgartha.
- Déan pleanáil faoi choinne forbairt teanga ach déan forbairt spontáineach teanga a éascú fosta.
- Úsáid faisnéis ó bhreathnóireachtaí le soláthar an tsúgartha a shaibhriú.
- Cuir ar fáil deiseanna súgartha agus spriocanna foghlama difreálaithe.
- Úsáid suimeanna an pháiste le teagmháil a dhéanamh leis/léi.
- Cruthaigh comhthéacsanna bríocha don tsúgradh, le háiseanna údaracha nuair is féidir.
- Cuir réimse de thacaíocht dhifreálaithe ar fáil le freastal ar riachtanais gach páiste.

Tagann deiseanna suntasacha leis an tsúgradh leis na scileanna litearthachta ar fad a chur chun cinn. Mar shampla, dá mbeifí ag súgradh sa chaife, d'fhéadfadh sé gur ghá bheith ag éisteacht le custaiméirí nó leis an fhreastalaí, gur ghá caint a dhéanamh mar chuid den rólghlacadh, an méid a deirtear a thuiscint, an biachlár a léamh nó an t-ordú a scríobh síos. Tá páistí i suíomhanna LG ag céim fhabhraitheach na scríbhneoireachta, idir déanamh marcanna agus iarrachtaí ar eochairfhocail a scríobh.

Is ionann an súgradh agus lingchlár d'achan ghné den fhorbairt sa luath-óige. Mar aon le deiseanna maidir le forbairt na litearthachta, is féidir, tríd an tsúgradh, na nithe seo a leanas a chur chun cinn chomh maith:

- scileanna uimhearthachta, m.sh. cruthanna 3T a úsáid don tógáil;
- oideachas pearsanta agus sóisialta m.sh. sealaíocht le linn cluichí;
- forbairt fhisiceach m.sh. scileanna oll-luaileacha agus mínluaileacha;
- na hEalaíona m.sh. uigeacht, patrún, líne agus cruth a fhiosrú tríd an dramhealaín;
- 'An Domhan Thart Orainn' m.sh. sórtáil a dhéanamh ag an tábla dúlra; agus
- scileanna traschuraclaim lena n-áirítear TFC m.sh. Bee-bot a bhogadh thart ar léarscáil den choill.

Tá sé tábhachtach tuiscint a chur ar chontanam forbartha na teanga. Ní mór go mbeadh páistí in ann éisteacht le go dtig leo labhairt, léamh agus scríobh. Ní mór deiseanna a chur ar fáil le go dtig gach gné den litearthacht a fhiosrú.

Amhail gníomhaíocht ar bith eile i suíomh oideachais, feidhmítear an súgradh ag leibhéil éagsúla i gcás páistí éagsúla. D'fhéadfadh sé gur ghá scileanna teanga agus scileanna eile atá á gcur chun cinn tríd an tsúgradh a dhifreálú. D'fhéadfadh sé chomh maith go mbeadh deiseanna difreálaithe súgartha tairbheach, cé go bhfuil sé tábhachtach i rith an ama go mbeadh ionchais arda ann.

Agus páistí i mbun súgartha i suíomhanna Gaeloideachais, tá sé tábhachtach go mbíonn na daoine fásta uilig, ar bhonn comhsheasmhach, ag gabháil d'eiseamláiriú agus d'úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna bríocha. Is amhlaidh is éifeachtaí ról an duine fásta sa tsúgradh agus pleanáil agus breithmheas déanta roimh ré de réir fhorbairt na bpáistí. Is féidir, le hidirghabhálacha idir daoine fásta agus páistí le linn an tsúgartha, go gcuirfí deiseanna foghlama chun cinn agus go dtógfaí ar mhuinín na bpáistí, mar aon le húsáid na Gaeilge a spreagadh.

(féach chomh maith Forlíonadh Sínte Luath-óige RO - Caibidil 3 - Súgradh - leathanaigh 13-21)

8. Iompar

Tá sé éigeantach go mbeadh treoirlínte soiléire i bhfeidhm d'fhonn an t-iompar dearfach a chur chun cinn. Ní mór go gcomhaontódh gach aon chleachtóir sa tsuíomh LG ar na treoirlínte seo agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach. Trí na treoirlínte a chomhroinnt le tuismitheoirí, beifear in ann soiléire an chur chuige a chinntiú agus is cuidiú a bheas ann maidir le leanúnachas a chur i réim idir an baile agus an suíomh. Ní mór guth agus ionchur na bpáistí a spreagadh.

Ba cheart go ndéanfadh cleachtóirí éifeachtacha cúiseanna agus trúig an iompair a fhiosrú. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an chur chuige is fearr le hiompar inmhianaithe a chur chun cinn, ba cheart don fhoireann, ar bhonn comhsheasmhach, cloí leis na treoirlínte agus leis an chur chuige ó thaobh na n-iarmhairtí de maidir le hiompar an pháiste. Ba cheart don fhoireann, do thuismitheoirí agus do na páistí na spriocanna a leagan síos, a chur in iúl agus a mheas. Sa tsuíomh tumoideachais, úsáideann cleachtóirí an t-eolas atá acu ar phróifíl teanga agus cumarsáide an pháiste lena dtreorú maidir le leibhéil tuisceana an pháiste.

8.1 An tIompar Dearfach A Chur Chun Cinn

Ba cheart do chleachtóirí LG díriú ar fhorbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach na bpáistí atá faoina gcúram. Le caidrimh dhearfacha agus le forbairt na hiontaoibhe, cruthaítear timpeallacht shábháilte, ina bhfoghlaimíonn páistí an dóigh lena n-iompar a fhéinbhainistiú, ina mothaíonn siad sábháilte agus ina mbíonn siad toilteanach cuidiú a iarraidh nuair is gá. Ar chuid de na straitéisí atá úsáideach leis an iompar dhearfach a chur chun cinn, tá:

- straitéisí amhairc;
- scéalta;
- straitéisí céadfacha; agus
- aiseolas dearfach.

8.2 Straitéisí Amhairc

D'fhéadfadh sé go mbeadh san áireamh orthu seo:

- úsáid na n-áiseanna amhairc, caint eispéireaseach, gothaí nádúrtha, comharthaíocht choirp agus gothaí gnúise;
- rialacha agus ionchais shoiléire chomhsheasmhacha;
- gnáthaimh shoiléire chomhsheasmhacha sa tseomra ranga;

- cártaí meabhrúcháin iompair - d'fhéadfaí leaganacha níos lú de na cártaí meabhrúcháin iompair a úsáid faoi choinne páistí aonair, i bhfoirm fáinne eochracha, b'fhéidir;
- léirithe amhairc nó pictiúrtha de rialacha agus de ghnáthaimh d'fhonn an tuiscint a éascú agus mar mheabhrúchán den iompar dearfach;
- Callánméadar a bheas ina áis amhairc le comhphlé a chur chun cinn maidir leis an airde nó leis an ísle ab fhóirsteanaí maidir le leibhéal an challáin i seomraí ranga; agus
- 'comhaireamh síos' agus amadóirí le cuidiú leis an bhainistiú ama agus le clabhsúir inláimhsithe ar ghníomhaíochtaí a éascú.

8.3 Scéalta

D'fhéadfadh sé go mbeadh san áireamh orthu seo:

- finscéalta agus scéalta traidisiúnta le cuidiú le 'ceart agus mícheart' a theagasc ar dhóigh shultmhar;
- scéalta sóisialta d'fhonn an t-iompar dearfach a chur chun cinn - is furasta a leithéid de scéalta a dhéanamh, m.sh. trí Microsoft Word agus Clipart/íomhánna/grianghraif a úsáid nó na haipeanna Special Stories agus Story Creator d'iPhone agus iPad; agus
- puipéid a úsáid le léiriú a dhéanamh agus le hiompar agus mothúcháin a fhiosrú.

8.4 Straitéisí Céadfacha

D'fhéadfadh sé go mbeadh san áireamh orthu seo:

- bosca céadfach nó tábla céadfach a bhféadfadh sé go mbeadh sé tarraingteach ag páistí a mbeadh deacrachtaí mothúchánacha acu - d'fhéadfadh sé, ar na réada céadfacha, go mbeadh taos súgartha, cleití, clocha beaga, cnaguirlisí, greanpháipéar/clár éimir, cruinneog sneachta, úraitheoir aeir cairr, bláthanna úra srl. *NB: ní mór measúnú riosca a dhéanamh ar na réada seo agus ní mór cloí leis rialacháin sláinte agus sábháilteachta.*

- riar a dhéanamh ar shuimeanna na bpáistí - mar shampla, dá mbeadh suim ar leith ag páiste sna dineasáir, d'fhéadfadh sé go mbeadh tairbhe le bosca suime ina mbeadh dineasáir agus rudaí suimiúla eile leis an pháiste a ghríosú agus le hiompar dearfach a spreagadh; agus

- bheith ag breathnú ar an pháiste agus ar an dóigh a bhfreagraíonn sé/sí d'ábhair, na roghanna a dhéanann sé/sí agus an cur chuige a bhíonn aige/aici i leith gníomhaíochtaí - is féidir go dtreoródh sé seo an fhoireann maidir leis na rudaí is maith agus nach maith leis an pháiste agus maidir le riachtanais fhéideartha chéadfacha.

8.5 Aiseolas Dearfach

Ar na samplaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid leis na nithe seo a leanas:

- córais luaíochta don iompar inmhianaithe, mar shampla, réalta don éisteacht mhaith, pointe don líne is fearr sa chlós súgartha, teastas do pháiste as bheith ina chara maith - ba cheart gur atreisiú dearfach a bheadh sa mhéid seo; agus

- dialann iompair, d'fhonn an chumarsáid a spreagadh idir an baile agus an scoil agus le gach duine ábhartha a choinneáil ar an eolas maidir le ceisteanna ar bith a thiocfadh chun cinn le linn an lae scoile nó sa bhaile.

Baineann cur chun cinn an iompair dhearfaigh i suíomh Gaeloideachais le breithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an pháiste agus an t-eolas seo a úsáid le pleanáil, uainiú agus luas na foghlama a threorú. Tá siad seo tábhachtach agus ba cheart go léireodh siad na straitéisí tacaíochta is fearr le cur i bhfeidhm agus le húsáid.

(féach chomh maith Forlíonadh Sínte Luath-óige RO - Caibidil 5 - Iompar Igh 41-51)

9. Airíonna An Dea-Chleachtais

Tá na pointí a leanas molta mar airíonna den dea-chleachtas:

- léiríonn éiteas an tsuímh cur chuige cuimsitheach páistelárnach atá bunaithe ar chaidrimh dhearfacha ag gach leibhéal; tá an chóiríocht agus na háiseanna fáilteach, leorga agus leagtha amach go soiléir do réimse de ghníomhaíochtaí lena n-áirítear spás ciúin agus tacaíocht suaimhnithe;
- is léir go mbaineann an páiste sult as an fhoghlaim agus as an ghnóthachtáil;
- tá róil agus freagrachtaí na foirne sainmhínithe agus comhaontaithe go soiléir agus déantar monatóireacht orthu;
- tá ionchais na gcleachtóirí don pháiste réadúil agus ard agus iad bunaithe ar aitheantas na mbuanna s'aige/aici mar aon lena riachtanais;
- déanann cleachtóirí, chomh luath agus is féidir, riachtanais oideachais an pháiste aonair a shainaithint agus bíonn ról ag an pháiste agus ag na tuismitheoirí sa phróiseas seo;
- soláthraíonn cleachtóirí idirghabháil agus tacaíocht láithreach iomchuí don pháiste ar sainaithníodh go bhfuil sainriachtanas oideachais aige/aici;
- cothaíonn cleachtóirí teagmháil rialta le tuismitheoirí;
- trí bhreathnóireacht éifeachtach, déantar próifíl teanga a chruthú do gach páiste mar chuid den aistriú éifeachtach;
- bíonn cleachtóirí ag comhoibriú go dlúth le háisíneachtaí eile;
- déantar athbhreithniú ar bhonn rialta lena chinntiú go mbíonn an páiste ag baint tairbhe as an chlár tacaíochta;
- leanann na cleachtóirí leis an mhonatóireacht ar dhul chun cinn an pháiste i gcomhréir lena (h)inniúlachtaí agus céim na forbraíochta trí dhea-úsáid na pleanála agus choinneáil na dtaifead; agus
- cuirtear oiliúint éifeachtach leanúnach ar fáil ar bhonn rialta do chleachtóirí a bheadh gaolmhar do na réimsí a bheadh sainaitheanta ag an tsuíomh.

(Is féidir sonraí maidir le foilseacháin agus suíomhanna gréasáin úsáideacha a fháil ó Fhorlíonadh Sínte SEN Luath-óige na RO, lch 53).

(Is féidir sonraí maidir le teagmhálacha úsáideacha a fháil ó Fhorlíonadh Sínte SEN Luath-óige na RO, lch 63-65).

Admhálacha

Meitheal cleachtóirí, arna shainaithint ag ETI agus atá ag obair sa Ghaeloideachas, a d'forbair agus a scríobh an acmhainn seo.

Ina measc bhí:

Dolores Barnes, Bunscoil Phobal Feirste

Mary McKee, Naíscoil Cholm cille

Clare O'Loughlin, Bunscoil Naomh Bríd

Mairead Watson, Scoil na Fuiseoige

Bhí an mheitheal seo faoi cheannasaíocht agus faoi thacaíocht:

Clare Evans – AAO Seirbhís Teanga agus Chumarsáide, BOLD

Irish-medium Education

Early Years Handbook

Special Educational Needs

INVESTORS IN PEOPLE